Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8617/25**

**ACP 25**
**WTO 40**
**RELEX 538**
**COAFR 87**
**FDI 10**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Bealtaine 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 192 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú lena n-Éascaítear Infheistíocht Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 192 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 192 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.5.2025
COM(2025) 192 final

Moladh le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú lena n-Éascaítear Infheistíocht Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair**


GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Luadh i gCompás Iomaíochais an 29 Eanáir 2025 gur gá don Aontas '*b[h]ealaí nua a lorg chun comhpháirtíochtaí a dhoimhniú agus tairbhí a chruthú dár ngnólachtaí*', lena n-áirítear trí Chomhaontuithe lena n-Éascaítear Infheistíocht Inbhuanaithe (dá ngairtear 'CÉIInna' anseo feasta).[1]

Ina Theachtaireacht maidir le hAthbhreithniú ar an mBeartas Trádála an 18 Feabhra 2021[2], d'fhógair an Coimisiún a rún *'dlús a chur lena rannpháirtíocht le comhpháirtithe na hAfraice chun leas a bhaint as a n-acmhainneacht eacnamaíoch, éagsúlú eacnamaíoch agus fás cuimsitheach a chothú'* agus *'tionscnamh infheistíochta inbhuanaithe nua a mholadh do chomhpháirtithe nó do réigiúin san Afraic agus i gComharsanacht an Deiscirt a bhfuil suim acu é sin a dhéanamh [...] trí chomhaontuithe infheistíochta neamhspleácha nó mar chuid de nuachóiriú na gcomhaontuithe trádála atá ann cheana.'*

Thug an Coimisiún Eorpach caibidlíocht maidir le CÉII i gcrích le hAngóla an 18 Samhain 2022.[3] Tháinig an CÉII i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2024,[4] agus is é an chéad chomhaontú den chineál sin de chuid an Aontais é. Tá an Coimisiún ag féachaint an bhféadfaí CÉIInna a chaibidliú le tíortha comhpháirtíochta leasmhara eile, lena n-áirítear le Poblacht an Chósta Eabhair (dá ngairtear 'an Cósta Eabhair' anseo feasta).

In 2023, bhí EUR 4,3 billiún i gceist le stoc infheistíochta dírí coigríche an Aontais sa Chósta Eabhair, é méadaithe ó EUR 4,1 billiún in 2022. Tá Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach (dá ngairtear 'CCE' anseo feasta) tugtha i gcrích ag an Aontas leis an gCósta Eabhair, nach bhfuil forálacha ann, áfach, maidir le hinfheistíocht a éascú.

I bhfianaise na deise atá ag an Aontas a chaidreamh infheistíochta leis an gCósta Eabhair a dhoimhniú, pléadh an fhéidearthacht dul i mbun caibidlíochta maidir le CÉII i gcomhthéacs an 6ú cruinniú idir an Cósta Eabhair agus an tAontas Eorpach faoi chuimsiú an Choiste CCE, a tionóladh in Abidjan an 12-13 Deireadh Fómhair 2023.[5]

Mar obair leantach ar an gcruinniú sin, rinneadh plé tosaigh teicniúil leis an gCósta Eabhair maidir le raon feidhme, ábhar agus paraiméadair an CÉII. Tar éis an phlé sin, an 6 Márta 2025, chomhaontaigh an dá thaobh tús a chur lena nósanna imeachta inmheánacha faoi seach chun tús a chur le caibidlíocht fhoirmiúil le haghaidh CÉII.

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach, COM(2025) 30 final.

2 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála atá Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach, COM(2021) 66 final.

3 https://policy.trade.ec.europa.eu/eu-trade-relationships-country-and-region/countries-and-regions/southern-african-development-community-sadc/eu-angola-negotiations_ga

4 Féach Cinneadh (AE) 2024/829 ón gComhairle an 4 Márta 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla, IO L, 2024/829, 8.3.2024.

5 *Relevé des conclusions du comité conjoint des 12-13 octobre 2023, APE Côte d'Ivoire - Union européenne* https://circabc.europa.eu/ui/group/09242a36-a438-40fd-a7af-fe32e36cbd0e/library/5714c6b1-a7b9-42c7-a73a-f5e5e5fa159a/details

Leis an gComhaontú seo, d'fhéachfaí le feabhas a chur ar mhealladh, leathnú agus coinneáil na hinfheistíochta dírí coigríche idir an tAontas agus an Cósta Eabhair, go háirithe trí bhearta éascaithe infheistíochta, amhail méadú a dhéanamh ar thrédhearcacht agus intuarthacht na mbeart a bhaineann le hinfheistíocht, nósanna imeachta um údarú infheistíochta a chuíchóiriú, agus feabhas a chur ar an idirphlé poiblí-príobháideach trí phointí fócasacha d'infheisteoirí agus trí rannpháirtíocht páirtithe leasmhara. Is é an cuspóir deiridh timpeallacht infheistíochta níos trédhearcaí, níos éifeachtúla agus níos intuartha a chothú, agus leibhéil níos airde infheistíochta dírí coigríche chuig an gCósta Eabhair a spreagadh ar an gcaoi sin. Tríd an méid sin a dhéanamh, cuirfidh an Comhaontú seo forbairt inbhuanaithe, fás eacnamaíoch agus cruthú post chun cinn, agus neartóidh sé an caidreamh déthaobhach infheistíochta idir an tAontas agus an Cósta Eabhair. Cuirfidh an Comhaontú seo ardán láidir ar fáil freisin chun rannchuidiú le héagsúlú eacnamaíoch an Chósta Eabhair agus lena lánpháirtiú sa gheilleagar domhanda.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá cuspóirí an Chomhaontaithe seo comhsheasmhach leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE), lena bhforáiltear gur cheart don Aontas *'lánpháirtiú na dtíortha uile sa gheilleagar domhanda a chothú, lena n-áirítear trí shrianta ar an trádáil idirnáisiúnta a dhíothú de réir a chéile.'*[6]

Ina theannta sin, tá a chuspóirí ailínithe go hiomlán leis an gComhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC), den pháirt eile, a síníodh i Samó an 15 Samhain 2023, agus go háirithe Airteagail 41 agus 42 de.[7]

Cuireann an Comhaontú cuspóirí an Chompáis Iomaíochais an 29 Eanáir 2025 chun cinn ina luaitear gur gá don Aontas '*b[h]ealaí nua a lorg chun comhpháirtíochtaí a dhoimhniú agus tairbhí a chruthú dár ngnólachtaí*', lena n-áirítear trí CÉIInna.[8] Cuireann sé freisin leis an Teachtaireacht thuasluaite maidir le hAthbhreithniú ar an mBeartas Trádála agus Teachtaireacht maidir leis an Athbhreithniú ar Thrádáil agus Forbairt Inbhuanaithe 2022.[9]

Tá an Comhaontú mar chuid de straitéis chuimsitheach an Aontais leis an Afraic[10] inar '*moladh go bhforbróidh an tAontas socruithe níos uaillmhianaí chun infheistíocht san Afraic a éascú, a mhealladh agus chun tacú léi.'* Ina theannta sin, tá sé i gcomhréir freisin le 'Fís Chomhpháirteach 2030' idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach[11], a glacadh ag an 6ú Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach, inar leagadh béim ar an ngealltanas comhpháirteach '*rialachas cuntasach, trédhearcach, cuimsitheach agus freagrúil a chur chun cinn, i gcomhréir leis na hionstraimí idirnáisiúnta ábhartha, chun borradh a chur faoi iarrachtaí le feabhas a chur ar an infheistíocht agus ar an timpeallacht gnó agus chun infheistíochtaí freagracha inbhuanaithe san Afraic agus san Eoraip a scaoileadh agus a mhéadú.*' Tá a chuspóirí comhsheasmhach freisin le straitéis Global

6 Airteagal 21(2)(e) CAE.

7 https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-8372-2023-REV-1/ga/pdf

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach, COM(2025) 30 final.

9 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: 'Cumhacht na gcomhpháirtíochtaí trádála: le chéile ar mhaithe le fás eacnamaíoch atá glan agus cóir', COM(2022) 409 final.

10 Teachtaireacht Chomhpháirteach 2020 'i dtreo Straitéis chuimsitheach leis an Afraic' https://ec.europa.eu/international-partnerships/system/files/communication-eu-africa-strategy-join-2020-4-final_ga.pdf

11 https://www.consilium.europa.eu/media/54412/final_declaration-en.pdf

Gateway an Aontais a seoladh i mí na Samhna 2021 agus lena céad phacáiste insoláthartha, an Pacáiste Infheistíochta idir an Afraic agus an Eoraip, a comhaontaíodh ag an 6ú Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach, a bhfuil d'aidhm aige EUR 150 billiún d'infheistíochtaí san Afraic a ghiaráil faoi 2027 in aon réimse tosaíochta déag, lena n-áirítear an comhtháthú eacnamaíoch, an infheistíocht agus forbairt na hearnála príobháidí. Is é Pacáiste Infheistíochta Global Gateway idir an Afraic agus an Eoraip creat treorach an Aontais chun tarraingteacht na hinfheistíochta a chothú san Afraic, chun a áirithiú go mbeidh an timpeallacht rialála fabhrach do rannpháirtíocht na hearnála príobháidí, agus go mbeidh na tairbhí féideartha uile i dtreo an fháis inbhuanaithe á gcur ar fáil trí na hinfheistíochtaí.

Tá an CÉII atá beartaithe go hiomlán comhsheasmhach agus comhlántach leis an gComhaontú amach anseo, is é sin an Comhaontú lena n-Éascaítear Infheistíocht Inbhuanaithe le haghaidh Forbartha a caibidlíodh laistigh den Eagraíocht Dhomhanda Trádála.[12]

Ar deireadh, tá na treoracha caibidlíochta san Iarscríbhinn comhsheasmhach le Cinneadh (AE) 2020/13 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leasaítear na treoracha caibidlíochta chun CCEnna a chaibidliú le tíortha agus réigiúin ACC.[13]

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá na cuspóirí comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe beartas forbartha an Aontais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é is bunús dlí don ghníomh seo an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) i gcomhar leis an dara agus an tríú fomhíreanna d'Airteagal 207(3) agus Airteagal 218(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Baineann ábhar na caibidlíochta atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála. De réir Airteagal 5(3) CAE, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta maidir le réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas Eorpach. Liostaítear an comhbheartas tráchtála i measc na réimsí sin ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas in Airteagal 3 CFAE. Áirítear sa bheartas sin comhaontuithe trádála a chaibidliú de bhun, *inter alia*, Airteagal 207 CFAE.

---

12 https://www.wto.org/english/tratop_e/invfac_public_e/invfac_e.htm

13 Cinneadh (AE) 2020/13 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leasaítear na treoracha caibidlíochta chun Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche a chaibidliú le tíortha agus réigiúin san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, a mhéid a thagann siad faoi inniúlacht an Aontais (IO L 6, 10.1.2020, lch. 101). Go háirithe, i roinn 6.2, an chéad mhír de threoracha caibidlíochta 2019, luaitear an méid seo a leanas: '*Infheistíocht. I gcomhréir leis an gcuspóir 'an bhochtaineacht a laghdú agus deireadh a chur léi ar deireadh i gcomhréir le cuspóir na forbartha inbhuanaithe' (agus maidir le hAirteagail 1, 29, 75 go 78, agus le hIarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú Cotonou agus le forálacha ábhartha a chomhaontaithe comharba, a luaithe is infheidhme), comhaontaíonn na páirtithe creat a bhunú lena ndéanfar infheistíocht inbhuanaithe a rachaidh chun tairbhe an dá thaobh a éascú, a fheabhsú agus a spreagadh eatarthu, agus tionscnaimh iltaobhacha maidir le héascú infheistíochta á gcur san áireamh. Beidh an creat sin bunaithe ar phrionsabail an neamh-idirdhealaithe, na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cobhsaíochta. Cothóidh na páirtithe forbairt timpeallachtaí infheistíochta tarraingteacha cobhsaí trí thacú le rialacha cobhsaí trédhearcacha d'infheisteoirí, agus féachfaidh siad le cuimsiú airgeadais agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú.*'

- **Comhréireacht**

Tá an moladh ón gCoimisiún i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ós rud é gur príomh-ionstraim é comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích chun cearta agus oibleagáidí cómhalartacha a ghlacadh in éineacht le hábhar dlí náisiúnta amhail tír eachtrach.

- **An rogha ionstraime**

Cinneadh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ó mhí an Mheithimh go dtí Mí na Samhna 2020, rinne an Coimisiún comhairliúchán poiblí[14] chun ionchur a lorg ó Pharlaimint na hEorpa, ó na Ballstáit, ó pháirtithe leasmhara agus ón tsochaí shibhialta maidir leis an athbhreithniú ar bheartas trádála an Aontais Eorpaigh, agus maidir le bealaí chun caidreamh trádála agus infheistíochta an Aontais leis na tíortha comharsanacha agus leis an Afraic a neartú.

Téann an Coimisiún i gcomhairle go rialta le páirtithe leasmhara *inter alia* sa Sainghrúpa um Chomhaontuithe Trádála[15] agus sa Chomhphlé leis an tSochaí Shibhialta.[16]

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá an togra seo ag brath ar shaineolas seachtrach a bhailítear i gcomhthéacs tionscadal arna chur i gcrích ag an mBanc Domhanda agus arna choimisiúnú ag an gCoimisiún Eorpach. Sainaithníodh go sonrach sa tuarascáil, gur luaigh na hinfheisteoirí[17] an easpa trédhearcachta agus intuarthachta agus iad ag plé le gníomhaireachtaí poiblí, athruithe tobanna ar dhlíthe agus rialacháin, agus moilleanna ar cheadúnais agus faomhadh a fháil ón rialtas, mar thosca criticiúla a mbíonn tionchar acu ar chinntí infheistíochta na n-infheisteoirí i dtíortha i mbéal forbartha. Is iad sin na réimsí a chumhdófaí leis an CÉII atá beartaithe.

- **Measúnú tionchair**

Dírítear na gealltanais éascaithe infheistíochta sa CÉII ar chur i bhfeidhm phrionsabail an dea-rialachais agus chleachtais an dea-rialála, lena n-áirítear trédhearcacht, intuarthacht, agus éifeachtúlacht riaracháin, i gcreat infheistíochta na tíre comhpháirtíochta (dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta infheistíochta). Baineann tionchar na mbeart éascaithe infheistíochta sin den chuid is mó leis an tír chomhpháirtíochta an Comhaontú a chur chun feidhme agus le

---

14 https://policy.trade.ec.europa.eu/consultations/consultation-trade-policy-review_ga

15 https://policy.trade.ec.europa.eu/analysis-and-assessment/expert-groups_en?prefLang=ga

16 https://policy.trade.ec.europa.eu/analysis-and-assessment/eu-trade-meetings-civil-society_en?prefLang=ga

17 Féach an Banc Domhanda, *Infheistíocht Dhíreach Choigríche a Choinneáil agus a Leathnú, an Riosca Polaitiúil agus Freagairtí Beartais* http://documents1.worldbank.org/curated/en/387801576142339003/pdf/Political-Risk-and-Policy-Responses.pdf

feabhas fadtéarmach ar a timpeallacht infheistíochta. Déanann infheistíochtaí aonair difear don tionchar foriomlán freisin, ar infheistíochtaí iad a d'fhéadfadh a mhealladh le creat infheistíochta feabhsaithe den sórt sin. Códaíonn an CÉII cleachtais atá seanbhunaithe cheana féin laistigh den Aontas.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Is é is aidhm don togra seo a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur le caibidlíocht leis an gCósta Eabhair maidir le CÉII. Níl malartú sonraí, uathoibriú próiseas, úsáid córas digiteach ná soláthar seirbhísí poiblí i gceist leis an togra. Dá bhrí sin, níl feidhm ag an bprionsabal 'digiteach mar réamhshocrú' toisc nach dtugtar isteach leis ceanglais dhigiteacha shonracha.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an tionscnamh, urramaítear go hiomlán Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl impleachtaí buiséadacha ag an tionscnamh.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Meastar go dtabharfar an chaibidlíocht maidir leis an CÉII i gcrích in 2026.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is é is aidhm do na forálacha a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur le caibidlíocht agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais. Féadfaidh an Chomhairle treoracha a dhíriú chuig an idirbheartaí.

Moladh le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú lena n-Éascaítear Infheistíocht Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) i gcomhar leis an dara agus an tríú fomhíreanna d'Airteagal 207(3) agus Airteagal 218(4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Ba cheart tús a chur le caibidlíocht d'fhonn Comhaontú lena n-Éascaítear Infheistíocht Inbhuanaithe le Poblacht le Poblacht an Chósta Eabhair a thabhairt i gcrích,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo don Choimisiún Comhaontú lena n-Éascaítear Infheistíocht Inbhuanaithe le Poblacht an Chósta Eabhair a chaibidliú thar ceann an Aontais.

*Airteagal 2*

Leagtar amach na treoracha caibidlíochta san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhairle le [ainm an choiste speisialta le cur isteach ag an gComhairle].

*Airteagal 4*

Déanfar an Cinneadh seo agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis a chur ar fáil go poiblí go díreach tar éis a nglactha.

*Airteagal 5*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*